**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*
**Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí**
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath.

S76/22

# CHUIG ÚDARÁIS BHAINISTÍOCHTA NA nIAR-BHUNSCOILEANNA AGUS NA nEINTITEAS EILE ATÁ AITHEANTA AG COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT LE SCRÚDUITHE A REÁCHTÁIL

## Obair Chúrsa a Ghlacadh agus a Fhíordheimhniú do na Scrúduithe Stáit – Uasdátú ar liosta na n-ábhar a bhfuil obair chúrsa acu agus meabhrú ar na hoibleagáidí atá ar údaráis na scoileanna, na múinteoirí agus na hiarrthóirí mar atá leagtha amach i gCiorcláin 68/08 agus 69/04 an CSS

### Raon na n-ábhar a bhfuil comhpháirteanna obair chúrsa acu

Mar gheall ar chur i bhfeidhm sonraíochtaí ábhair leasaithe ar líon ábhar le déanaí tugadh isteach comhpháirt obair chúrsa i roinnt ábhar nach raibh an chomhpháirt seo acu roimhe seo. Ar an gcaoi chéanna, tá comhpháirteanna obair chúrsa ag roinnt ábhar nua a tugadh isteach freisin. Dá réir sin, d'fhéadfadh cuid mhór múinteoirí a bheith ag déileáil le hobair chúrsa den chéad uair, agus is am tráthúil é a mheabhrú d'údaráis scoileanna faoi na coinníollacha agus nósanna imeachta atá i bhfeidhm maidir le glacadh le hobair chúrsa atá fíordheimhnithe i gceart le measúnú a dhéanamh uirthi sna scrúduithe stáit síos tríd na hábhair ar fad a bhfuil comhpháirteanna obair chúrsa acu.

Le hardchaighdeán an phróisis scrúdaithe a choinneáil agus cothromas idir iarrthóirí a chinntiú, tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS), i gcomhar le húdaráis na scoileanna, le barántúlacht an obair chúrsa a dheimhniú a chuireann iarrthóirí isteach le measúnú a dhéanamh uirthi. Tá na socruithe maidir le hobair chúrsa a ghlacadh agus a fhíordheimhniú do na scrúduithe stáit leagtha amach i gCiorcláin **S69/04** agus **S68/08**, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit (https://www.examinations.ie). Níl an ciorclán seo ag teacht in áit an dá chiorclán sin, agus tugann sé liosta na n-ábhar suas chun dáta lena mbaineann siad agus leagtar béim ar roinnt den eolas tábhachtach atá iontu agus ní mór é a chur faoi bhráid na scoláirí uile agus go háirithe aon scoláirí a bheadh ag smaoineamh ar staidéar a dhéanamh ar ábhair bhreise lasmuigh den scoil.

Is iad na comhpháirteanna obair chúrsa iad siúd a chuirtear i gcrích thar thréimhse bhreisithe ama. Ní chlúdaíonn siad scrúduithe scríofa, béaltrialacha ná scrúduithe praiticiúla a bhíonn ar siúl ag am ar leith. Faoi láthair tá comhpháirteanna obair chúrsa ag na hábhair seo a leanas agus tá siad faoi

réir na gcoinníollacha agus na nósanna imeachta atá leagtha amach i gciorcláin **S69/04** agus **S68/08**:

| An Ardteistiméireacht | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | An tSraith Shóisearach |
|---|---|---|
| Eolaíocht Talmhaíochta<br>Matamaitic Fheidhmeach<br>Ealaín<br>Ríomheolaíocht<br>Staidéar Foirgníochta<br>Léann Clasaiceach<br>Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide<br>Eacnamaíocht<br>Innealtóireacht<br>Tíreolaíocht<br>Stair<br>Eacnamaíocht Bhaile (Eolaíoch & Sóisialta)<br>Nascmhodúil (GCAT)<br>Ceol<br>Corpoideachas<br>Polaitíocht agus Sochaí<br>Oideachas Reiligiúnach<br>Teicneolaíocht | **Tascanna Scoláire:**<br>Saincheisteanna Comhaimseartha<br>Oideachas Ginearálta<br>Machnamh Pearsanta<br>Gnóthachtáil Phraiticiúil<br>Gairmoideachas (2)<br>Ullmhúchán Gairme<br><br>**Speisialachais Ghairmiúla:**<br>Cúram Leanaí/Cúram Pobail<br>Ceardaíocht agus Dearadh<br>Innealtóireacht<br>Staidéar Grafaice agus Tógála<br>Teicneolaíocht | Teicneolaíocht Fheidhmeach<br>Innealtóireacht<br>Grafaic<br>Amharc-Ealaín<br>Teicneolaíocht Adhmaid |

## Rialacháin a rialaíonn glacadh le hobair chúrsa chun measúnú a dhéanamh uirthi

Moltar d'údaráis scoileanna a chinntiú go mbeidh na múinteoirí agus iarrthóirí ábhartha (lena n-áirítear iarrthóirí a mbeadh obair chúrsa ar siúl acu i scoil nó in ionad eile) ar an eolas faoi na coinníollacha agus na nósanna imeachta i gCiorcláin **S69/04** agus **S68/08** a bhaineann leis an obair chúrsa sa tábla thuas.

Mar atá luaite i gCiorclán **S68/08**, ní ghlacfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit le hobair chúrsa le measúnú a dhéanamh uirthi ach amháin san áit ar cuireadh í i gcrích faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór go mbeidh an t-ábhar curtha ar an gclár ama (agus go mbeidh an clár ama ar fáil do phearsanra an CSS).
- Ní mór don scoil/ionad a bheith ar fáil do phearsanra an CSS le monatóireacht a dhéanamh uirthi.
- Ní mór an obair chúrsa a reáchtáil faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga agus go mbeidh an obair fíordheimhnithe ag an múinteoir agus ag an bpríomhoide de réir an chiorcláin seo.

Ina theannta sin, is é atá i gceist leis an múinteoir ranga ag déanamh bainistíochta ar an obair chúrsa ná idirghabháil ón múinteoir, de réir mar is cuí, lena chinntiú go bhfuil gach iarrthóir freagrach as a c(h)uid oibre féin. Ní mór d'iarrthóirí obair chúrsa a chur i gcrích faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga ionas gur féidir leis an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn rialta agus a bheith in ann a dheimhniú gurb í an obair obair aonair an iarrthóra féin ar an dáta a chuirtear an obair chúrsa i gcrích. Ní mór obair gach iarrthóra a chur i gcrích faoi na coinníollacha riachtanacha, mar atá leagtha amach do na hábhair ar leith. Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil roinnt ábhar ann nach mór an obair *ar fad* ar an obair chúrsa a dhéanamh sa rang faoi mhaoirseacht dhíreach an mhúinteora, cé go bhfuil ábhair eile inar féidir roinnt taighde, roinnt "scríobh amach", nó obair eile den sórt sin a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga, ar an gcoinníoll go gcoinníonn an múinteoir an leibhéal oiriúnach monatóireachta agus maoirseachta ar an dul chun cinn. Féach ar choimrí an obair chúrsa nó doiciméid eile a bhaineann le hábhair ar leith le haghaidh sonraí.

## Riachtanas gur gá an t-ábhar a chur ar an gclár ama

Maidir leis an riachtanas gur gá an t-ábhar a chur ar an gclár ama, tuigeann Coimisiún na Scrúduithe Stáit na deacrachtaí ar leith a d'fhéadfadh a bheith ag scoileanna chun ranganna a chur ar fáil do líon beag scoláirí. Le bheith chomh solúbtha agus chomh cuidiúil agus is féidir, san am atá thart ghlacamar leis gur féidir ranganna atá eagraithe lasmuigh den ghnáthlá scoile a chur san áireamh le bheith curtha ar ghníomhaíochtaí an chláir ama den scoil, ar an gcoinníoll go bhfuil siad á gcur ar fáil ag an scoile seachas a bheith ina socrú teagaisc príobháideach amháin idir na múinteoirí agus na scoláirí.

## Múinteoirí agus iarrthóirí a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí

Moltar d'údaráis scoileanna freisin a chinntiú go bhfuil na múinteoirí agus iarrthóirí ábhartha, *lena n-áirítear iarrthóirí a mbeadh obair chúrsa ar siúl acu i scoil nó in ionad eile*, ar an eolas faoi na treoracha agus na riachtanais maidir leis na foirmeacha le hobair chúrsa a fhíordheimhniú (Foirmeacha P.2, P.3 agus P.20 mar atá sainithe i gciorcláin rialaithe) agus na hiarmhairtí a bhaineann le hobair chúrsa neamhbhailí a chur isteach.

Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil foirm P.3 agus an próiseas le húsáid ach amháin i gcásanna ar scoil aitheanta eile nó eintiteas eile atá aitheanta ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit le scrúduithe a reáchtáil, í an scoil nó an t-ionad ina bhfuil an t-iarrthóir ag déanamh an obair chúrsa. Níor chóir duit glacadh le foirmeacha P.3 ó theagascóirí ná ó mhúinteoirí atá ag gníomhú ina gcumas príobháideach ná ó eintitis nach ionaid fhaofa iad chun na scrúduithe stáit a reáchtáil.

## Obair chúrsa a chur isteach a rinneadh i scoil eile seachas i bpríomhscoil an iarrthóra

Tá trí chás ar leith a thagann chun cinn, mar seo a leanas. I ngach cás, ní mór Roinn A agus Roinn B d'Fhoirm P.3 a bheith curtha i gcrích ag na scoileanna faoi seach.

### *1. Obair Chúrsa a Chuirtear isteach trí Thairseach na Scoileanna (ábhair áirithe)*

I gcás obair chúrsa a chuirtear isteach trí Thairseach na Scoileanna, is í príomhscoil an iarrthóra (áit a iontráladh é/í i leith na scrúduithe) is cóir a (h)obair chúrsa a chur isteach tríd an tairseach. Ciallaíonn sé sin, má tá iarrthóir i scoil a chuir a (h)obair chúrsa i gcrích i scoil eile, ansin is í *do* scoil is cóir a (h)obair chúrsa a chur isteach trí Thairseach na Scoileanna, nuair atá an obair chúrsa agus Foirm P.3 chomhlánaithe faighte ón scoil inar cuireadh an obair chúrsa i gcrích. Cuireann do scoil Foirm P.3 isteach agus cuireann sí an t-iarrthóir san áireamh ar do chóip d'Fhoirm P.2.

***2. Obair Chúrsa a Choinnítear sa Scoil le Cur Isteach in éineacht leis an bPáipéar Scríofa***

I gcás an obair chúrsa a choinnítear sna scoileanna agus a chuirtear isteach in éineacht leis an bpáipéar scríofa i mí an Mheithimh, ba chóir, ar an gcaoi chéanna, do phríomhscoil an iarrthóra ina bhfuil iontráil déanta ina leith don scrúdú, an obair chúrsa seo a chur isteach, agus arís sa chás seo, cuireann an phríomhscoil P.3 chomhlánaithe isteach agus cuireann sí an t-iarrthóir san áireamh ar a cóip d'fhoirm P.2.

***3. Obair Chúrsa a Choinnítear sa Scoil le Marcáil a Dhéanamh uirthi sa Scoil***

I gcás obair chúrsa a choinnítear sna scoileanna agus a mharcálann scrúdaitheoirí atá ceaptha ag an CSS a thugann cuairt ar an scoil, ba chóir an obair chúrsa a bheith coinnithe sa scoil inar cuireadh i gcrích í. Ba chóir don scoil sin Foirm P.3 chomhlánaithe a chur isteach, ar chóir di freisin an t-iarrthóir seo a chur san áireamh ar fhoirm P.2 don ábhar. Is iad ábhair na hArdteistiméireachta lena mbaineann sé seo ná: Staidéar Foirgníochta, Innealtóireacht, Ealaín, agus Ábhar Roghnach Teicstíle Eacnamaíocht Bhaile. Ábhair na Sraithe Sóisearaí lena mbaineann sé seo ná: Amharc-Ealaín, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Adhmaid, agus Teicneolaíocht Fheidhmeach. Téann an obair chúrsa uile eile go dtí príomhscoil an iarrthóra le cur isteach. (Ní bheidh iarrthóirí na hArdteistiméireachta Feidhmí i mbun aon obair chúrsa i scoileanna eile seachas a scoil féin).

## Impleachtaí na rialachán do scoláirí atá ag smaoineamh ar staidéar a dhéanamh ar ábhar lasmuigh den scoil

Tá sé ríthábhachtach a thabhairt faoi deara, mar atá leagtha amach i gCiorclán **S69/04**, bíonn impleachtaí suntasacha ann maidir le hobair chúrsa a ghlacadh agus a fhíordheimhniú do na scrúduithe stáit d'iarrthóirí a mbeadh i gceist acu staidéar a dhéanamh ar aon cheann de na hábhair ábhartha lasmuigh den ghnáthshuíomh scoile, leo féin nó le teagasc príobháideach. Sna cásanna seo, ní féidir na riachtanais fhíordheimhnithe a chomhlíonadh agus dá bhrí sin ní féidir glacadh leis an obair chúrsa le measúnú a dhéanamh uirthi óna leithéid d'iarrthóirí. Ós rud é go gcaillfidh siad na marcanna don obair chúrsa, tá uasteorainn curtha ar uaslíon na marcanna is féidir lena leithéid d'iarrthóirí a bhaint amach go dtí iomlán na marcanna atá ar fáil do na comhpháirteanna atá fágtha don ábhar sin.

Ós rud é go bhféadfadh scoláirí a bheith i do scoil a bheadh ag déanamh staidéir – nó a bhféadfadh a bheith i gceist acu staidéar a dhéanamh – ar roinnt de na hábhair seo lasmuigh den scoil agus nach bhfuil tusa ar an eolas faoi seo, cuirmid i gcuimhne duit an gá atá ann gach bliain na hiarrthóirí ionchasacha *uile* le haghaidh scrúduithe amach anseo a chur ar a n-airdeall maidir leis na himpleachtaí seo. Chun cásanna a sheachaint ina mbíonn iarrthóirí díreach ar an eolas fúthu go déanach ina gcuid staidéir nach féidir leo obair chúrsa a chur isteach d'ábhar a bhfuil siad tar éis an t-uafás ama a chaitheamh leis, ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí ionchasacha uile go hiomlán ar an eolas faoi na riachtanais seo agus na himpleachtaí a bhaineann leo ag tús an chláir ábhartha staidéir – mar shampla, ag tús an cúigiú bliain i gcás scoláirí na hArdteistiméireachta.

**Cuir an ciorclán seo faoi bhráid na múinteoirí ábhair ábhartha agus na hiarrthóirí uile atá ag staidéar na n-ábhar lena mbaineann an ciorclán seo.**

Go raibh maith agat as do chomhoibriú. Má tá aon fhiosruithe agat maidir lena bhfuil sa chiorclán seo, téigh i dteagmháil leis an Rannóg Trialacha Praiticiúla, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na

Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65; teileafón 090-6442749 / 090-6442750; r-phost practicals@examinations.ie.

Terry O'Neill
Ardoifigeach Feidhmiúcháin
Nollaig 2022